Plain English
Approved by NALA

Treoir don Chóras Tacaíochtaí Cumais Náisiunta (NASS)

HSE

HRB Health Research Board

Inneachair

1 Cad is NASS ann? 3

2 Cad chuige a úsáidtear NASS? 3

3 Conas a oibríonn NASS? 4

4 Cén fhaisnéis a bhailítear ar NASS? 5

5 Cad chuige a úsáidtear mo chuid faisnéise? 6

6 Cé a fheiceann mo chuid faisnéise? 7

7 Conas a dhéantar mo chuid faisnéise ar NASS a chosaint? 7

8 Cén fhad a fhanfaidh mo chuid faisnéise ar NASS? 8

9 An bhfuil ceart agam le haghaidh mo chuid faisnéise? .. 8

10 Iarratas Rochtana Suibiachta... 9

11 An gá dom íocadh le haghaidh mo chuid faisnéise? 9

12 Sonraí teagmhála 10

Maidir leis an treoir seo

Déarfaidh an treoir seo leat conas, agus cén fáth, a bhailíonn agus stórálann Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte (HSE), Bord Taighde Sláinte (HRB) agus soláthraithe seirbhísí faisnéis maidir leis na seirbhísí maoinithe do mhíchumais a úsáideann tú is a theastaíonn uait.

Freagraíonn an treoir seo cuid de na ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat faoi:

- cad a dhéanann an córas tuairiscithe a bhailíonn do chuid faisnéise
- conas a oibríonn an córas tuairiscithe
- cad chuige a úsáidtear an fhaisnéis ar an gcóras tuairiscithe
- conas a dhéantar do chuid faisnéise a stóráil agus a chosaint
- do chearta, lena n-áirítear an ceart chun d'fhaisnéis a fheiceáil, agus do cheart gearáin.

Is bunachar sonraí náisiúnta é an Córas Tacaíochtaí Cumais Náisiúnta (NASS) a dhéanann faisnéis a thaifead maidir le seirbhísí maoinithe do mhíchumais. Faigheann NASS bainistíocht ón FSS agus HRB. Chun cuspóirí an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), déanann an FSS agus HRB cinneadh le chéile maidir leis an fáth agus conas a phróiseáiltear sonraí pearsanta. Beidh muid mar "rialaitheoirí sonraí coiteann" dá bharr.

1.

Cad is NASS ann?

Is bunachar sonraí náisiúnta é an Córas Tacaíochtaí Cumais Náisiúnta (NASS) a dhéanann faisnéis a thaifead maidir le seirbhísí maoinithe do mhíchumais a úsáideann daoine is a theastaíonn uathu, amhail:

- Seirbhísí cónaitheacha
- Cúram faoisimh
- Seirbhísí lae
- Cúntóirí pearsanta
- Tacaíochtaí speisialta amhail teiripe gairme nó fisiteiripe.

2.

Cad chuige a úsáidtear NASS?

Úsáidtear NASS chun:

- cuidiú seirbhísí agus tacaíochtaí do mhíchumais a phleanáil, a fhorbairt agus a eagrú
- a rá le gairmithe sláinte eile maidir le líon agus cineálacha seirbhísí a theastaíonn ó dhaoine le míchumais
- léiriú cén fáth a theastaíonn maoiniú do sheirbhísí agus tacaíochtaí do mhíchumais
- ceadú don HRB taighde a dhéanamh le sonraí gan ainmneacha agus seoltaí nó aon sonraí aitheantais eile a úáid

Déantar faisnéis a thaifead maidir leat má fhaigheann tú seirbhísí nó tacaíochtaí nó má theastaíonn siad uait, agus iad íoctha trí bhuiséad míchumais FSS. Mura bhfuil tú cinnte an dtugtar maoiniú don seirbhís a úsáideann tú ó bhuiséad míchumais FSS, is féidir leat iarradh ó do sholáthraí seirbhíse.

3.

Conas a oibríonn NASS?

Oibríonn córas NASS ag bailiú eolais ar dtús agus ansin ag stóráil na faisnéise sin.

Céim 1 - Faisnéis a bhailiú

- Cuirfidh do sholáthraí seirbhíse (nó do thuismitheoir nó caomhnóir) ceisteanna ort maidir leis na seirbhísí a úsáideann tú nó a theastaíonn uait, mar aon le faisnéis eile.
- Déanfaidh siad an fhaisnéis seo a thaifead ar NASS. (Féach Cuid 4 sa chéad leathanach eile i gcomhair samplaí den fhaisnéis stóráilte ar NASS.)

Bailíonn an FSS agus an HRB an fhaisnéis seo go dlíthiúil[1] chun cuidiú leis an FSS seirbhísí mhíchumais a phleanáil agus a sholáthar.

Céim 2 - D'fhaisnéis a stóráil

- Stóráiltear do shonraí (faisnéis) i mbunachar sonraí slán.

[1] HSE: Airteagail 6(1) agus 9(2)(h) an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) agus Cuid 52 Achta um Chosaint Sonraí 2018.
HRB: Airteagail 6(1) agus 9(2)(j) an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) agus Cuid 54 Achta um Chosaint Sonraí 2018.

4.

Cén fhaisnéis a bhailítear ar NASS?

Sonraí pearsanta

- D'ainm agus seoladh
- Do dháta breithe
- Do ghnéas
- Do chúlra eitneach/cultúrtha
- Do shonraí teagmhála
- Do stádas fostaíochta/príomhaí
- An cineál lóistín a gcónaíonn tú ann agus cé a chónaíonn tú leis
- Sonraí teagmhála i gcomhair do dhuine ainmnithe (má bhíonn tú faoi 16 bliain d'aois)
- Sonraí maidir le do phríomh-chúramóir (má tá ceann agat).

Sonraí maidir le do mhíchumas

- Faisnéis maidir leis an gcineál míchumais atá agat

Sonraí maidir le seirbhísí maoinithe do mhíchumais a úsáideann tú nó a theastóidh uait. Áirítear leo sin:

- Seirbhísí cónaitheacha
- Seirbhísí lae
- Seirbhísí faoisimh (le linn an lae nó thar oíche)
- Tacaíochtaí speisialta amhail teiripe gairme nó fisiteiripe.

Má tá tú ag úsáid na seirbhíse, iarrfar ort:

- cé a sholáthraíonn é
- Cé chomh minic a fhaigheann tú é
- Cé mhéad tacaíochta a fhaigheann tú.

Má theastaíonn seirbhís uait, iarrfar ort cén bhliain a theastóidh sé uait.

Sonraí maidir le aon chúnaimh (amhail cathaoireacha rothaí, greimráillí, ardaitheoirí) a úsáideann tú nó a theastaíonn uait

Sonraí maidir le aon deacrachtaí atá agat le gníomhaíochtaí amhail:

- Éadaí a chur ort
- Siúil nó seasamh ar feadh i bhfad
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí phobail.

Déanfar athbhreithniú ar d'fhaisnéis gach bliain ag an FSS nó do sholáthraí seirbhíse, le do chabhair nuair is féidir.

5.

Cad chuige a úsáidtear mo chuid faisnéise?

Úsáidtear do chuid faisnéise:

- chun breathnú ar na seirbhísí a fhaigheann daoine le míchumais anois
- le tuiscint cén seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil
- le féachaint cén seirbhísí is mó a theastaíonn
- chun tacú le pleanáil seirbhísí
- chun taighde a dhéanamh chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus tacaíochtaí do mhíchumais

Foilseoidh an HRB tuarascálacha le faisnéis staidrimh ó NASS. Ciallaíonn faisnéis staidrimh faisnéis a bhaineann le uimhreacha, mar shampla, líon na ndaoine a fhaigheann seirbhís. Ní áireofar leis na tuarascálacha d'ainm nó seoladh agus ní aithneoidh siad thú in aon slí.

Baineann sé sin freisin le aon taighde déanta le sonraí NASS, agus **ní** aithneoidh sé thú in aon slí.

6.

Cé a fheiceann mo chuid faisnéise?

Is féidir le baill foirne ó do sholáthraí seirbhíse agus FSS/HRB le ceadanna speisialta d'fhaisnéis phearsanta a fheiceáil.

Ní roinntear d'fhaisnéis phearsanta le aon chomhlacht eile an rialtais mura bhfuil cúis dhlíthiúil chuige sin.

7.

Conas a dhéantar mo chuid faisnéise ar NASS a chosaint?

De réir an dlí, ní mór d'fhaisnéis a chosaint le cinntiú nach gcaillltear nó baintear mí-úsáid as. Ciallaíonn sin nach féidir ach le daoine a fuair do rochtain cosanta ag pasfhocal d'fhaisnéis a fheiceáil. Déantar seiceálacha le cinntiú go bhfuil do chuid faisnéise slán.

Bíonn an fhaisnéis NASS soláthraithe le taighdeoirí **gan ainm** (ciallaíonn sin nach bhfuil d'ainm nó seoladh nó aon sonraí aitheantais eile). Ní féidir ach le daoine faofa an fhaisnéis seo a úsáid, agus is gá dóibh foirm a líonadh isteach a deireann an chúis go dteastaíonn sí uathu sula bhfeiceann siad í.

8.

Cén fhad a fhanfaidh mo chuid faisnéise ar NASS?

Beidh d'fhaisnéis á coimeád ar NASS chomh fada agus a úsáideann tú nó a theastaíonn seirbhís maoinithe do mhíchumais uait. Ina dhiaidh sin, coimeádfar d'fhaisnéis ar feadh **ocht mbliana,** ansin scriosfar é i gcomhréir le polasaí an FSS um shonraí a choimeád (ciallaíonn "coimeád" coinneáil).

Déanfaidh an HRB sonraí a choinneáil gan d'ainm nó seoladh i gcomhad ar leithligh chun cuidiú le taighde agus pleanáil agus chun athruithe a fheiceáil thar am.

9.

An bhfuil ceart agam le haghaidh mo chuid faisnéise?

Dár ndóigh, tá go leor cearta agat. Tá ceart agat:

- cóip a fháil le do shonraí pearsanta coimeádta fút
- iarratas a dhéanamh chun aon fhaisnéis phearsanta míchruinn a cheartú nó aon fhaisnéis neamhiomlán a nuashonrú
- diúltú don slí a úsáidtear d'fhaisnéis phearsanta
- iarratas a dhéanamh chun d'fhaisnéis phearsanta a fháil i bhformáid ar féidir leat a rochtain agus a léamh
- iarratas a dhéanamh chun teorainn a chur ar an mbealach a phróiseáiltear faisnéis fút i gcúinsí áirithe.

10.

Iarratas Rochtana Suibiachta

Faoi réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), tá ceart agat cóip a iarradh d'aon sonraí pearsanta coinneáilte fút. Is féidir leat an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn, nó foirm a líonadh darb ainm **Foirm Iarratais Rochtana Suibiachta.**

Is féidir leat an fhoirm seo a fháil ó do sholáthraí seirbhíse nó oifig FSS áitiúil. Is féidir leat freisin foirm ar líne FSS a úsáid: https://www.hse.ie/eng/gdpr/sarsform.pdf

Seol Foirm Iarratais Rochtana Suibiachta **nó** litir chuig do sholáthraí seirbhíse áitiúil ina gceapann tú go bhfuil do thaifid á gcoinneáil. Is féidir leat a thuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an bpróiseas Iarratais Rochtana Suibiachta ag: https://www.hse.ie/eng/gdpr/

Déileáilfear le gach iarratais rochtana suibiachta laistigh mí.

11.

An gá dom íocadh le haghaidh mo chuid faisnéise?

Ní gá duit íocadh chun d'fhaisnéis a fheiceáil nó chun athruithe a iarradh.

12.

Sonraí teagmhála

Más mian leat a thuilleadh faisnéise maidir le conas a úsáidtear d'fhaisnéis phearsanta nó mura bhfuil tú sásta leis an mbealach a dhéantar d'fhaisnéis phearsanta a láimhseáil, ba chóir duit labhairt le do sholáthraí seirbhíse áitiúil **nó:**

- Oifigeach an FSS um Chosaint Sonraí ag dpo@hse.ie - nó ceann dá oifigigh i do réigiún (féach an tábla ar an gclúdach cúil sa leabhrán seo) **nó**
- Oifigeach an HRB um Chosaint Sonraí ag dpo@hrb.ie

Tá ceart gearáin agat freisin leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí ag:
t: +353 (0)761 104 800
e: dpo@dataprotection.ie
w: www.dataprotection.ie

Má bhíonn aon cheisteanna nó moltaí agat maidir le NASS, is féidir leat labhairt le Foireann HRB NASS ag nass@hrb.ie

Tá leagan éasca le léamh ann freisin den treoir seo le pictiúir. Is féidir leat é a iarradh ag seoladh r-phoist NASS thuas nó cóip a fháil ó do sholáthraí seirbhíse

Leas-Oifigigh an FSS um Chosaint Sonraí

Leas-Oifigeach um Chosaint Sonraí **Iarthair na hÉireann** Gnóthaí Tomhaltóra, Ospidéal Ollscoile Merlin Park, Gaillimh. • CHO 1 – An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach • Cúram Sláinte Pobail Thiar - Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin • Cúram Sláinte Pobail an Mheániarthair - An Clár, Luimneach, T. Thiobrad Árann. • Grúpa Ospidéil Saolta	e:ddpo.west@hse.ie t: 091-775 373
Leas-oifigeach um Chosaint Sonraí **Oirthuaiscirt Átha Cliath** Gnóthaí Tomhaltóra, FSS Oirthuaiscirt Átha Cliath, Bective St, Ceanannais, Co. Mí. • Lár na Tíre, An Lú, Eagraíocht Sláinte Pobail na Mí • Eagraíocht Sláinte Pobail Chathair agus Chontae Átha Cliath Thuaidh • CHO 6 - Oirdheisceart Átha Cliath, Deisceart Átha Cliath agus Cill Mhantáin • Grúpa Ospidéil RCSI • Ospidéal Náisiúnta na bPáistí	e: ddpo.dne@hse.ie t: Ceanannas: 046-925 1265 t: An Cabhán: 049-437 7343
Leas-oifigeach um Chosaint Sonraí **Átha Cliath Láir Laighin** Gnóthaí Tomhaltóra, FSS, Tríú Urlár Scott Building, Campas Ospidéil Réigiúnaigh Láir na Tíre, Arden Road, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. • Grúpa Ospidéil Láir na Tíre Átha Cliath • Grúpa Ospidéil Iarthair na hÉireann • Cúram Sláinte Pobail Deiscirt Átha Cliath, Cill Dara agus Iarthair Chill Mhantáin	e: ddpo.dml@hse.ie t: Tulach Mhór: 057-935 7876 t: An Nás: 045-920105
Leas-oifigeach um Chosaint Sonraí **Deiscirt** Gnóthaí Tomhaltóra, FSS Deiscirt, Bunurlár Thoir, Model Business Park, Model Farm Road, Corcaigh. T12 HT02 • Cúram Sláinte Pobail Chorcaigh agus Chiarraí • CHO 5 - Ceatharlach, Cill Chainnigh, Deisceart Thiobrad Árainn, Port Láirge agus Loch Garman • Grúpa Ospidéil UL • Grúpa Ospidéil Iardheiscirt Deiscirt	e: ddpo.south@hse.ie t: Corcaigh: 021– 492 8538 t: Cill Chainnigh: 056 -778 5598.